Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Nuachtlitir **um Boinn Inbhailithe**

Collector Coin Newsletter

Márta 2019
March 2019

Imleabhar 2 | 2
Volume 2 | 2

San eagrán seo:

- Clár na mBonn Comórtha do 2019

In this Issue:

- 2019 Commemorative Coin Programme

Boinn Inbhailithe 2019
Collector Coin Program 2019

100 bliain de Dháil Éireann Bonn Profa Óir €100 2019
100 Years of Dáil Éireann €100 Gold Proof Coin 2019

Praghas miondíola: €895
Retail Price: €895

*Teorainn Eisiúna**: 1,000***
Issue Limit: 1,000

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

A chara

In 2019, comórtar cothrom céad bliain ó shuigh Dáil Éireann den chéad uair i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath. Tionóladh an chéad chruinniú de Dháil Éireann i dTeach an Ard-Mhéara in 1919 agus leis sin cuireadh tús le haistear fada reachtóireachta agus polaitíochta a stiúir an tír i dtreo an daonlathais fhorchéimnithigh atá anois ann. Chun an ócáid shuntasach sin i stair na hÉireann a cheiliúradh, d'eisigh Banc Ceannais na hÉireann Bonn Profa Óir €100 ar an 07 Feabhra 2019. Eiseofar Foireann na Bliana agus Foireann Phrofa freisin ina mbeidh bonn comórtha €2. Eiseoidh an Banc Ceannais dhá bhonn profa airgid níos déanaí i mbliana. Le ceann amháin, déanfar comóradh ar 100 bliain ón gcéad eitilt thrasatlantach, agus leis an gceann eile comórfar 70 bliain ó rugadh an ceoltóir Éireannach Phil Lynott.

Foireann Phrofa 2019

Déanfar an fhoireann seo a bhualadh chuig caighdeán profa agus beidh sí le fáil i mbosca dronuilleogach bonn. Beidh deimhniú barántúlachta ag gabháil léi. Beidh bonn comórtha €2, atá i gcúrsaíocht, san áireamh san fhoireann freisin.
Teorainn Eisiúna: 1,000 píosa
Dáta Eisiúna: Ráithe 2, 2019

Foireann na Bliana 2019

Le Foireann na Bliana, comórfar 100 bliain ó chéad chruinniú Dháil Éireann. Is iad Teach an Ard-Mhéara agus Teach Laighean an dá fhoirgneamh is tábhachtaí maidir le bunú Pharlaimint nua na hÉireann (1919-1922). San áireamh san fhoireann seo, tá bonn comórtha €2 mar aon le bonn niamhrach €2 nár cuireadh i gcúrsaíocht do 2019.
Teorainn Eisiúna: 8,000 píosa
Dáta Eisiúna: Ráithe 2, 2019

Dear customer

2019 marks the centenary of the first sitting of Dáil Éireann. The first meeting of the Dáil was held in the Mansion House in 1919 and this was the beginning of a long journey, which has shaped our country into the progressive democracy it is today. To celebrate this significant event in Irish history, the Central Bank of Ireland issued a €100 Gold Proof Coin on 07 February 2019. An Annual Mint Set and a Proof Set will also be issued which will contain the €2 commemorative coin. Later in the year the Central Bank will issue two silver proof coins. One will celebrate 100 Years since the first Transatlantic Flight and the other will mark the 70th Anniversary of the birth of Irish musician Phil Lynott.

Proof Set 2019

This coin set will be of proof quality and will be presented in a rectangular coin box with a certificate of authenticity. This set will include the commemorative €2 circulating coin.
Issue limit: 1,000 pieces
Launch Date: Quarter 2, 2019

Annual Mint Set 2019

The Annual Mint Set will pay tribute to the 100th anniversary of Dáil Éireann. The two most significant buildings associated with the establishment of the new Irish Parliament (1919-1922) are the Mansion House and Leinster House. The set will include the €2 commemorative coin and the regular brilliant uncirculated €2 for 2019.
Issue limit: 8,000 pieces
Launch Date: Quarter 2, 2019

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Bonn Profa Airgid €15 mar Chomóradh 100 Bliain ón gcéad Eitilt Thrasatlantach

Déanfar an bonn seo a bhualadh chun comóradh a dhéanamh ar an gcéad eitilt thrasatlantach riamh, a d'eitil na heitleoirí John Alcock agus Arthur Brown. Thuirling an t-eitleán ar an gClochán, Contae na Gaillimhe, ar an 15 Meitheamh 1919. Ba é sin an chéad uair a trasnaíodh an tAigéan Atlantach in eitleán agus inar mhair an eitilt níos lú ná 72 uair an chloig as a chéile.
Teorainn Eisiúna: 3,000 píosa
Dáta Eisiúna: Meitheamh 2019

Bonn Comórtha Profa Airgid €15 in ómós do Phil Lynott

Is é seo an dara bonn i sraith trí bliana ar a dtugtar 'Ceoltóirí Éireannacha na Linne seo.' Le bonn Phil Lynott, comórfar cothrom 70 bliain ó rugadh é in 1949. Tagann an bonn seo i ndiaidh bhonn Rory Gallagher a eisíodh in 2018 agus a díoladh amach. In 2020, eiseoidh Banc Ceannais na hÉireann bonn chun comóradh a dhéanamh ar 80 bliain ó rugadh an ceoltóir Éireannach Luke Kelly.
Teorainn Eisiúna: 3,000 píosa
Dáta Eisiúna: Lúnasa 2019

€15 Silver Proof Coin to Commemorate 100 Years since the First Transatlantic Flight

This coin will be struck to commemorate the first transatlantic flight in history, flown by aviators John Alcock and Arthur Brown. The aircraft landed in Clifden Co. Galway on 15 June 1919. This was the first crossing of the Atlantic Ocean by an aeroplane in less than 72 consecutive hours.
Issue Limit: 3,000 pieces
Launch Date: June 2019

€15 Silver Proof Phil Lynott Coin

This will be the second coin in the three year series called 'Modern Irish Musicians.' This coin will commemorate the 70th anniversary of Phil Lynott's birth in 1949. The coin follows the Rory Gallagher coin which was issued in 2018, which sold out. In 2020, the Central Bank of Ireland will issue a coin to commemorate the 80th anniversary of the birth of Irish Musician Luke Kelly.
Issue Limit: 3,000 pieces
Launch Date: August 2019

Le gach dea-ghuí,

Aonad na mBonn Inbhailithe
Banc Ceannais na hÉireann

Lo-Call: 1890 777 777
Phone:+353 (0)1 224 5800
R: currencyservices@centralbank.ie
Luan go hAoine ó 09.00r.n go 06.00i.n.

Kind regards,

Collector Coin Unit
Central Bank of Ireland

Lo-Call: 1890 777 777
Phone: +353 (0)1 224 5800
E: currencyservices@centralbank.ie
Monday to Friday from 9:00am to 06:00pm

Cuir tú in iúl go dteastaíonn uait eolas a fháil maidir le heisiúintí bonn inbhailithe ón mBanc agus maidir le himeachtaí moneolaíochta eile amach anseo, lena n-áirítear eolas maidir le oinn atá ar díol. Baineann an Banc úsáid as d'ainm agus do sheoladh ríomhphoist chun an t-eolas sin a chur chugat. Táthar ag súil nach mbeidh níos mó ná 12 chumarsáid den sórt sin i gceist in aghaidh na bliana. Beidh na sonraí sin á rialú ag an mBanc agus ní dhéanfar iad a nochtadh d'aon tríú páirtí. Is féidir leat diúltú do chumarsáid den sórt sin tráth ar bith. Mura dteastaíonn uait cumarsáid den sórt sin a fháil, nó má bhíonn aon cheisteanna eile agat nó má theastaíonn uait ceart a agairt faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí amhail ceart rochtana nó ceart chun ceartú a dhéanamh, seol ríomhphost chuig coinsetsnews@centralbank.ie

You have indicated that you wish to receive information about future issues of collector coins by the Central Bank of Ireland and other numismatic events, including information about coins that remain on sale. The Central Bank uses your name and address to send you this communication. The Central Bank expects to send out no more than 12 such communications every year. The Central Bank is the controller of this information and will not disclose it to any third party. You may choose to opt-out of receiving these communications at any time. If you no longer wish to receive these communications, if you have any other queries or if you wish to invoke any of your rights under the Data Protection Acts such as rights of access or rectification then please send an e-mail to coinsetsnews@centralbank.ie